



## LIMISTÉAR SAOIRSE, SLÁNDÁLA AGUS CEARTAIS: GNÉITHE GINEARÁLTA

Leagann Conradh Liospóin an-tábhacht ar limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chruthú. Tugadh isteach roinnt gnéithe nua tábhachtacha leis: nós imeachta cinnteoireachta níos éifeachtúla agus níos daonlathaí, ar freagra é ar chealú struchtúr na gcolún a bhí ann roimhe sin; cumhachtaí méadaithe do Chúirt Bhreithiúnais AE; agus ról nua do pharlaimintí náisiúnta. Neartaítear cearta bunúsacha le Cairt um Chearta Bunúsacha atá ceangailteach ar AE anois faoin dlí.

### AN BUNÚS DLÍ

Seo a leanas Airteagal 3(2) CAE: ‘Cuirfidh an tAontas ar fáil dá shaoránaigh limistéar saoirse, slándála agus ceartais, gan teorainneacha inmheánacha, ina n-áiritheofar saorghluaiseacht daoine i dteannta le bearta iomchuí maidir le rialuithe ar theorainneacha seachtracha, tearmann agus inimirce, maille leis an gcoirpeacht a chosc agus a chomhrac.’ Ba cheart a thabhairt faoi deara go leagann an tAirteagal sin, ina leagtar amach príomhchuspóirí an Aontais, níos mó béime ar chruthú limistéar saoirse, slándála agus ceartais (LSSC) ná mar a rinne Conradh Nice, a tháinig roimhe, mar luaitear an aidhm sin anois fiú sula luaitear bunú margaidh inmheánaigh.

Baineann Teideal V CFAE — Airteagal 67 go hAirteagal 89 — le LSSC. Sa bhreis ar na forálacha ginearálta, tá caibidlí sonracha sa teideal sin maidir le:

- Beartais i dtaca le seiceálacha ar theorainneacha, le tearmann agus le hinimirce;
- Comhar Breithiúnach in ábhair shibhialta;
- Comhar Breithiúnach in ábhair choiriúla;
- Comhar póilíneachta<sup>[1]</sup>.

Ní ghlacann an Danmhairg páirt i nglacadh na Comhairle de na bearta de bhun Theideal V CFAE, agus níl an Ríocht Aontaithe agus Éire rannpháirteach i nglacadh agus cur i bhfeidhm beart sonracha ach amháin tar éis cinneadh i dtaca le ‘saor-rogha’ (Prótacail Uimh. 21 agus Uimh. 22).

Chomh maith leis na forálacha sin, ba cheart airteagail eile a lua freisin a bhfuil dlúthnasc acu le cruthú LSSC. Áirítear orthu sin Airteagal 6 CAE maidir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha agus an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, Airteagal 8 CFAE maidir le neamhionannais a dhíchur,

[1]Féach Bileoga Eolais [4.2.2](#), [4.2.3](#), [4.2.4](#), [4.2.6](#), [4.2.7](#).



Airteagal 15(3) CFAE maidir le rochtain ar dhoiciméid de chuid institiúidí, Airteagal 16 CFAE maidir le cosaint sonraí pearsanta, agus Airteagal 18 go hAirteagal 25 CFAE maidir le neamh-idirdhealú agus saoránacht den Aontas.

## CUSPÓIRÍ

Leagtar síos na cuspóirí do LSSC in Airteagal 67 CFAE:

- ‘Is éard a bheidh san Aontas limistéar saoirse, slándála agus ceartais ina n-urramófar cearta bunúsacha agus córais agus traidisiúin éagsúla dlí na mBallstát.
- Áiritheoidh sé nach mbeidh rialuithe teorann inmheánaí ann do dhaoine agus cumfaidh sé comhbheartas maidir le tearmann, inimirce agus rialú ag teorainneacha seachtracha, arna bhunú ar an dlúthpháirtíocht idir Bhallstáit a thugann cothrom na Féinne do náisiúnaigh tríú tíortha. Chun críche an Teidil seo, déileálfar le daoine gan stát mar náisiúnaigh tríú tír.
- Déanfaidh an tAontas a dhícheall ardleibhéal slándála a áirithiú trí bhearta chun an choireacht, an ciníochas agus an tseineafóibe a chosc agus a chomhrac agus trí bhearta um chomhordú agus um chomhar idir na húdaráis phóilíneachta agus bhreithiúnacha agus údaráis inniúla eile, chomh maith le breithiúnais a aithint go frithpháirteach in ábhair choiriúla, agus, más gá, trí na dlíthe coiriúla a chomhfhogasú.
- Éascóidh an tAontas an rochtain ar an gceartas, go háirithe trí phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do chinntí breithiúnacha agus seachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta’.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Príomhghnéithe nua arna dtabhairt isteach le Conradh Liospóin

**1.** Nós imeachta cinnteoireachta níos éifeachtúla agus níos daonlathaí

Chuir Conradh Liospóin deireadh leis an tríú colún, a bhí bunaithe ar chomhar idir-rialtasach, lena ndearnadh ginearálú ar an modh Comhphobail in LSSC. De ghnáth, glactar tograí reachtacha anois faoin ngnáthnós imeachta reachtach a leagtar amach in Airteagal 294 CFAE. Gníomhaíonn an Chomhairle trí thromlach cáilithe, agus mar chomhreachtóir, tugann an Pharlaimint a tuairim uaithe tríd an nós imeachta comhchinnteoireachta.

**2.** Ról nua do pharlaimintí náisiúnta.

Le hAirteagal 12 CAE agus Prótacail Uimh. 1 agus Uimh. 2, leagtar síos ról na bparlaimintí náisiúnta in AE. Tá ocht seachtaine ag parlaimintí náisiúnta anois ina ndéanfaidh siad scrúdú ar aon togra reachtach ar leith i bhfianaise phrionsabal na coimhdeachta; go dtí go rachaidh an tréimhse sin in éag, ní féidir cinneadh a dhéanamh ar leibhéal AE maidir leis an togra sin. A mhéid a bhaineann le LSSC, má iarrann ceathrú de na parlaimintí náisiúnta amhlaidh, caithefear athbhreithniú a dhéanamh ar thogra (Airteagal 7(2) de Phrótacal Uimh. 2).



Is féidir imeachtaí le haghaidh neamhniú a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais má sháraíonn gníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta.

Tá parlaimintí náisiúnta rannpháirteach i meastóireacht ar Eurojust agus Europol (Airteagal 85 agus Airteagal 88 CFAE).

### **3. Cumhachtaí méadaithe do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**

Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais réamhrialuithe a thabhairt uaithi, gan srian, maidir le gach gné de LSSC. Tar éis dheireadh idirthréimhse cúig bliana ó theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin (i.e. amhail ón 1 Nollaig 2014), is féidir gníomhartha i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla arna nglacadh faoin gConradh roimhe sin a bheith faoi réir imeachtaí den chineál sin freisin. Tá feidhm ag an gcóras céanna maidir le himeachtaí i dtaca le mainneachtain in oibleagáid a chomhlíonadh (Prótacal Uimh. 36).

### **4. Ról níos feiceálaí don Choimisiún**

Maidir leis an bhfóras gur féidir leis an gCoimisiún imeachtaí i dtaca le mainneachtain in oibleagáid a chomhlíonadh a thionscnamh i gcoinne Ballstáit nach gcomhlíonann na forálacha a bhaineann le LSSC, is gné nua tábhachtach é lena dtugtar cumhacht nua i dtéarmaí faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm reachtaíochta.

### **5. Rannpháirt ionchasach na mBallstát i meastóireacht ar chur chun feidhme bheartas LSSC**

Cuirtear in iúl le hAirteagal 70 CFAE gur féidir leis an gComhairle, ar thogra ón gCoimisiún, bearta a ghlacadh lena leagtar síos socruithe trína ndéanann na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún, meastóireacht oibiachtúil agus neamhchlaonta a sheoladh ar chur chun feidhme bheartais LSSC ag údaráis na mBallstát.

### **B. Ról pleanála na Comhairle Eorpaí**

Le hais na n-athruithe a tháinig isteach le Conarthaí i ndiaidh a chéile, bhí ról go háirithe tábhachtach ag an gComhairle Eorpach sna forbairtí agus sa dul chun cinn a tharla i réimsí éagsúla LSSC.

Ag Comhairle Eorpach Tampere i mí Dheireadh Fómhair 1999 áiríodh cruinniú speisialta chun plé a dhéanamh maidir le conas limistéar saoirse, slándála agus ceartais a bhunú trí leas iomlán a bhaint as na deiseanna arna dtabhairt le Conradh Amstardam.

I mí na Samhna 2004, ghlac an Chomhairle Eorpach plean gníomhaíochta nua cúig bliana, Clár na Háige.

An 10 agus an 11 Nollaig 2009, ghlac an Chomhairle Eorpach Clár Stóicólm. Leis an gclár ilbhiantúil sin don tréimhse ó 2010 go 2014, díríodh ar leasanna agus ar riachtanais saoránach agus daoine eile a bhfuil freagracht ag AE astu.

Aithníonn Conradh Liospóin go foirmiúil ról tábhachtach na Comhairle Eorpaí i dtaca le '[sainiú a dhéanamh ar] na treoirlínte straitéiseacha don phleanáil reachtach agus oibríochtúil laistigh de limistéar na saoirse, na slándála agus an cheartais' (Airteagal 68 CFAE). I mí an Mheithimh 2014, shainigh an Chomhairle Eorpach na treoirlínte sin thar na blianta ina dhiaidh sin. Tá siad i gcomhréir leis na



tosaíochtaí a leagtar amach sa chlár oibre straitéiseach don Aontas, a glacadh freisin i mí an Mheithimh 2014. Cuireann na treoirlínte straitéiseacha leis an dul chun cinn a baineadh amach le clár Stócólm. Tá athbhreithniú meántearma á dhéanamh ar na treoirlínte sin faoi láthair.

**C.** Bunú sainchomhlachtaí bainistithe LSSC: na gníomhaireachtaí:

Cuireadh gníomhaireachtaí éagsúla ar bun chun formhaoirseacht a dhéanamh ar bheartais i roinnt réimsí tábhachtacha de LSSC: Europol, don chomhar póilíneachta; an Coláiste Eorpach Póilíneachta (CEPOL); Eurojust, do chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla; Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), a dhéileálann le cearta bunúsacha agus idirdhealú; an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA); an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), atá freagrach as comhordú a dhéanamh ar rialú na dteorainneacha seachtracha; an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO); agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF in LSSC (eu-LISA).

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá raon uirlisí agus cumhachtaí ag Parlaimint na hEorpa a chuireann ar a cumas a ról a fheidhmiú ina iomláine:

- Inniúlacht reachtach a mhéid gur ghníomhaigh Parlaimint na hEorpa mar chomhreachtóir faoin nós imeachta comhchinnteoireachta, fiú roimh Chonradh Liospóin, lena rannpháirtíocht in ábhair a bhain leis an tríú colún teoranta do thuairimí comhairleacha a thabhairt;
- Inniúlacht bhuiséadach, le Parlaimint na hEorpa freagrach i gcomhpháirt leis an gComhairle, as buiséad AE a leagan síos;
- An chumhacht chun imeachtaí le haghaidh neamhniú a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais, a d'fheidhmigh Parlaimint na hEorpa, mar shampla, chun neamhniú a iarraidh agus a fháil i dtaca le hairteagail áirithe de chuid Threoir 2005/85/CE maidir le caighdeáin íosta i ndáil le nósanna imeachta i mBallstáit chun stádas dídeanaí a dheonú nó a tharraingt siar<sup>[2]</sup>;
- Cumhacht an tionscnaimh pholaitiúil, a fheidhmíonn Parlaimint na hEorpa trí thuarascálacha agus rúin féintionscnaimh a ghlacadh maidir le hábhair a roghnaíonn sí dul i ngleic leo.
- An rogha toscaireachtaí a chur chuig na Ballstáit chun fadhbanna a shainaitheint agus chun a fhíorú conas mar a dhéantar cur chun feidhme ar reachtaíocht a ghlactar ar leibhéal AE.

Is féidir achoimre a thabhairt ar na príomhthosaíochtaí ar leag Parlaimint na hEorpa béim leanúnach orthu le blianta beaga anuas mar seo a leanas:

- Aithint agus cur san áireamh na tábhachta méadaithí a ghabhann le LSSC i gcomhthéacs fhorbairt AE;

---

[2]Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Bealtaine 2008, Cás C-133/06.



- Deireadh a chur leis an tríú colún agus réimsí na póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla a thabhairt isteach i raon feidhme nósanna imeachta agus reachtaíocht AE chun go gcuirfí ar chumas Parlaimint na hEorpa a ról iomlán daonlathach a chomhlíonadh sa phróiseas reachtach;
- Fáil réidh le haontoilíocht sa Chomhairle chun cinnteoireacht a éascú;
- Cothromaíocht chóir a choinneáil idir cearta bunúsacha na saoránach a chosaint agus ceanglais slándála agus frithsceimhlitheoireachta;
- Cosaint agus cur chun cinn ceart bunúsach a neartú, go háirithe trí Chairt um Chearta Bunúsacha AE atá ceangailteach faoin dlí a ghlacadh agus trí Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha a bhunú chun foinse éifeachtach tacaíochta agus saineolas i réimse na gceart bunúsach a sholáthar.

Kristiina Milt  
05/2019

